

Polasaí maidir le CCTV faoi mar a bhaineann sé le hlarrthóirí agus Cuairteoirí eile chuig an tSCP

Ar chúiseanna slándála tá córas CCTV san fhoirgneamh seo timpeall gach ardaitheoir, ar gach staighre agus san íoslach. Cuireadh ceamaraí CCTV isteach sna hIONAID SMART agus san IONAD GAIRMEACHA lena chinntiú go bhfuil gach duine agus gach ábhar measúnaithe slán agus sábháilte.

Ní chuirfear píosa scannánaíochta ar fáil ach de réir chead a thugann an ardbhainistíocht chuig pearsanra aitheanta de chuid na SCP, nó chuig páirtithe seachtracha (e.g. An Garda Síochána) i dtaca le heachtraí a fhiosrú sa cheantar a chuimsítear san alt seo a leanas.

Is féidir leis an Oifig seo a theacht ar phíosa scannánaíochta ar mhaithe le cosc a chur le nó cur as do réadmhaoin, nó daoine a ghortú san Oifig; lena chinntiú go bhfuil ábhar measúnaithe nó an próiseas measúnaithe slán agus sábháilte; do chúiseanna sláinte agus sábháilteachta; nó le cuidiú le fiosrú faoi aon ghearán ina mbeadh dochar do dhaoine nó ina gcuirtear as do réadmhaoin. Is féidir an píosa scannánaíochta seo a úsáid i dtaca le haon cheann de na réimsí thuas agus chun cuidiú le fiosruithe coiriúla. Ní úsáidfear píosa scannánaíochta ach le cuidiú i dtaca le ceisteanna tromchúiseacha a d'fhéadfadh tarlú. Is féidir píosa scannánaíochta a úsáid fosta le freagra a thabhairt ar cheist a d'ardófaí in iarratas ó iarrthóir ar athbhreithniú ar chinneadh a rinne an tSCP maidir leis an phróiseas measúnaithe.

Ní cheadaíonn an tSCP fearas taifeadta de chineál ar bith eile a úsáid in ár bhfoirgneamh chun príobháideacht a chosaint do bhaill foirne agus do chustaiméirí chomh maith le hionracas ár n-ábhar measúnaithe.

Socruithe Slándála agus Coinneála

Coinnítear an píosa scannánaíochta ar thiomántán crua ar feadh aon mhí (sula ndéantar taifead os a chionn le scannánaíocht nua). Is féidir go gcoinneofaí píosa scannánaíochta a thógtar ar na cúiseanna a luaitear thíos ar feadh tréimhse níos faide mar chuid d'fhiosrú dlí/smachta. Scrúdóidh baill foirne Tacaíochta Gnó an píosa scannánaíochta más gá, agus ní bheidh na sonraí seo ar fáil ach do na baill foirne seo ar bhonn leanúnach. Tá an ríomhaire a bhfuil na sonraí seo ar fáil orthu cosanta ag pasfhocal agus ní féidir ach le baill



foirne slándála a theacht ar na sonraí seo. Coinnítear na tiomántáin chrua i dtaisce in ionaid atá slán.

Tríú Páirtithe gur Féidir Sonraí a Thabhairt dóibh

Tá na tríú páirtithe i gceist leagtha amach thíos.

Ní ghlacfar le hiarratais ar chóipeanna do pháosa scannánaíochta CCVT ón Garda Síochána (nó ó chomhlachtaí rialachais nó fiosruithe eile) ach má thugtar iarratas foirmiúil scríofa (nó facs) don Rialtóir Sonraí ag deimhniú go bhfuil An Garda Síochána (nó comhlacht eile) ag fiosrú sárú féideartha den dlí. Le cuidiú le hiarratas i gcás práinneach, is féidir gur leor iarratas ó bhéal chun páosa scannánaíochta a scaoileadh amach. Ní mór áfach iarratas foirmiúil scríofa a chur isteach tar éis iarratas ó bhéal dá leithéid. Coinneoidh an Rialtóir Sonraí taifead de gach iarratas dá leithéid. Ní mór gach iarratas dá leithéid a bheith ar pháipéar ceannteidil agus sonraí an pháosa scannáin CCTV a lua chomh maith leis an chúis dlí don iarratas.

Má iarrann an Garda Síochána páosa scannánaíochta a scrúdú san fhoirgneamh is féidir go nglacfaí leis sin ar iarratas scríofa.

